DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR

Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2007

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

### DÉ hAOINE 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00

**Iomlán na Marcanna 240**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. ROINN A - 80 marc.
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna as Roinn A.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
2. ROINN B - 160 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist as Roinn B.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
3. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

**STAMPA AN IONAID**

## Don scrúdaitheoir amháin

| CEIST | | MARC |
|---|---|---|
| Roinn A (Iomlán) | | |
| Roinn B | **1** | |
| | **2** | |
| | **3** | |
| | **4** | |
| | **5** | |
| | **6** | |
| **IOMLÁN** | ➔ | |
| **GRÁD** | ➔ | |

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh | |
| 2. Iomlán na n-iomlán de gach ceist a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| 5. Marc iomlán bronnta trí Ghaeilge (3+4) | |
| Nóta: Caithfidh an marc i líne 3 (nó líne 5 má tá bónas ann don Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán na Marcanna** thuas | |



THALL→

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) cheist díobh seo a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Cuir tic [✓] le **cúig** bhia atá liostaithe thíos ar foinsí **maithe** iarainn iad:

| | | | |
|---|---|---|---|
| bainne | ☐ | arán caiscín | ☐ |
| úlla | ☐ | brocailí | ☐ |
| pónairí | ☐ | feoil dhearg | ☐ |
| uibheacha | ☐ | cairéid | ☐ |

**2.** Tabhair **dhá** chúis go ndáiltear anlanna le bia.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**3.** Ainmnigh **dhá** mhias mhilse dhifriúla agus **dhá** mhias neamh-mhilse dhifriúla is féidir a dhéanamh le taosrán.

| MIASA MILSE | MIASA NEAMH-MHILSE |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |

**4.** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** **maisiúchán** ______________________________

______________________________

**(ii)** **gníomhaí ardúcháin** ______________________________

______________________________

**5.** Ainmnigh **dhá** chineál dhifriúla pacáistithe inar féidir bia a reo.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

6. Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le siopadóireacht ar an idirlíon.

**Buntáiste** ______________________________________________

______________________________________________

**Míbhuntáiste** ______________________________________________

______________________________________________

7. Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is ionann glanioncam agus an méid iomlán airgid a thuilleann tú. | | |
| **(ii)** | Ciallaíonn ceannach ar cairde 'ceannaigh anois, ioc níos déanaí'. | | |
| **(iii)** | Is conradh í ráthaíocht idir an déantóir agus an tomhaltóir. | | |

8. Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

9. Cad is ciall le *tobcheannach?* ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

10. Liostaigh **trí** mhórchostas ba cheart a bheith san áireamh i mbuiséad teaghlaigh.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**11.** Cuir tic [✓] leis an bhfreagra ceart.

Ciallaíonn forbairt fhisiceach

**(i)** foghlaim conas réiteach le daoine eile. ☐

**(ii)** tuiscint ar cheart agus ar mhícheart a fhorbairt. ☐

**(iii)** ag fás in airde agus i meáchan. ☐

**12.** Tabhair **<u>trí</u>** threoirlíne ba cheart do dhuine a leanúint chun stíl bheatha shláintiúil a bheith aici/aige.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**13.** Roghnaigh an focal ceart ón liosta seo a leanas chun **<u>gach ceann</u>** de na habairtí seo thíos a chríochnú.


***speirm*** ***téististéarón*** ***seamhan*** ***éastraigin***

**(i)** Tarlaíonn toirchiú nuair a chomhcheanglaíonn__________________ le hubh an bhaineannaigh.

**(ii)** Is é an ______________________________ gnéas-hormón an fhireannigh.

**(iii)** Bíonn na milliúin speirm i leacht darb ainm ______________________________.

**14.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________

______________________________

______________________________

**15.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu eilimint téimh **<u>nó</u>** mótar atá ag na fearais seo.

| | **EILIMINT TÉIMH** | **MÓTAR** |
|---|---|---|
| **(i)** Tóstaer | | |
| **(ii)** Meascthóir bia | | |
| **(iii)** Citeal | | |
| **(iv)** Scian spólta | | |
| **(v)** Domhainfhriochtóir | | |

**16.** Tabhair **dhá** shampla den trealamh sábháilteachta dóiteáin atá riachtanach don teach.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**17.** Cén t-eolas a chuireann an tsiombail seo in iúl don tomhaltóir?



______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**18.** Liostaigh **trí** riail ba cheart a chomhlíonadh nuair a bhíonn inneall fuála á úsáid.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**19.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is rud é glantach a bhaineann amach salachar. | | |
| **(ii)** | Ciallaíonn bailchríoch fhrithstatach nach gcrapfaidh fabraic. | | |
| **(iii)** | Is sampla d'fhabraic chadáis é bréidín. | | |

**20.** Liostaigh **cúig** rud dhifriúla a mbeadh súil agat a fheiceáil i mbosca fuála.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(v)** ______________________________

**ROINN B**
**160 marc**

**Freagair 4 (ceithre) cheist as an roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.**

## *Sailéad Torthaí Úra*

| | | |
|---|---|---|
| *úll amháin* | *6 shú talún* | *100 ml sú úill* |
| *phiorra amháin* | *2 phluma* | *sú ½ líomóide* |
| *oráiste amháin* | *phéiteog amháin* | |

**(a)** Cuir **gach ceann** de na torthaí atá liostaithe thuas faoi na ceannteidil chearta:

| RANGU TORTHAÍ | | | |
|---|---|---|---|
| **CIOTRAS** | **CAORA** | **CLOCH** | **CRUA** |
| | | | |
| | | | |

**(b)** Déan cur síos ar conas a dhéanfá **gach ceann** de na torthaí seo a leanas a ullmhú don sailéad torthaí úra:

**(i)** Piorra ______________________________

______________________________

**(ii)** Sú talún ______________________________

______________________________

**(iii)** Péitseog ______________________________

______________________________

**(c)** Cén fáth a n-úsáidtear sú líomóide i sailéad torthaí úra? ______________________________

______________________________

**(d)** Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le torthaí úra a cheannach '*ina séasúr féin*'.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(e)** Mol **dhá** bhealach dhifriúla chun páistí a spreagadh le breis torthaí úra a ithe.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

## 2. COMHDHÉANAMH ÉISC OLÚIL

| PRÓITÉIN | SAILL | CARBAIHIODRÁIT | VITIMÍNÍ | MIANRAÍ | UISCE |
|---|---|---|---|---|---|
| 17-20% | 13% | 0% | A,D,B | Iaidín, Iarann | 65% |

**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas thuas agat, mínigh cén fáth ar cheart iasc olúil a bheith mar chuid de réim bia.

**(i)** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

______________________________________________

**(b)** **(i)** Níl carbaihiodráit in iasc olúil. Mol **dhá** bhia dhifriúla carbhaihiodráite is féidir a dháileadh le hiasc olúil.

**1.** ____________________ **2.** ____________________

**(ii)** Ainmnigh cothaitheach **amháin** eile **nach** bhfuil le fáil in iasc olúil.

______________________________________________

**(c)** Tabhair **dhá** shampla d'iasc olúil.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(d)** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba cheart a leanúint nuair a bhíonn iasc úr á cheannach.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**(iv)** ______________________________________________

**(e)** Ainmnigh modh **amháin** le hiasc úr a phróiseáil: ____________________

**3.** ***Tá sé ar intinn agat ceamara nua a cheannach.***

**(a)** Liostaigh **ceithre** threoirlíne ba cheart duit a chur san áireamh nuair a bhíonn an ceamara á cheannach agat.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(b)** Mol **dhá** fhoinse dhifriúla eolais a chabhródh leat rogha mhaith a dhéanamh.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(c)** Ainmnigh modh **amháin** chun íoc as an gceamara. Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

**Modh íocaíochta** ______________________________

**Cúiseanna** **(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(d)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach admháil a fháil ar an gceamara?

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**(e)** Liostaigh **ceithre** mhír eolais a mbeadh súil agat iad a fheiceáil ar an admháil.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(iii)** ______________ **(iv)** ______________

**4.** **(a)** Mínigh **gach ceann** díobh seo a leanas:

**(i)** **teaghlach núicléach** ______________________________________________

______________________________________________

**(ii)** **mórtheaghlach** ______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Tabhair **dhá** fheidhm de chuid an teaghlaigh.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(c)** Luaigh cé acu riachtanas fisiciúil **nó** riachtanas mothúchánach **gach ceann** díobh seo a leanas.

***bia grá dídean tuiscint éadaí slándáil***

| RIACHTANAIS FHISICIÚLA | RIACHTANAIS MHOTHÚCHÁNACHA |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

**(d)** Cad iad na príomhchúiseanna a bhaineann le troid idir déagóirí agus aosaigh sa bhaile?

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**(e)** Mol **trí** bhealach chun dea-chaidreamh a choinneáil idir déagóirí agus aosaigh.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

5. ***Is bunseirbhís teaghlaigh é uisce.***

**(a)** Liostaigh **<u>trí</u>** úsáid dhifriúla a bhaintear as uisce sa teach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(b)** Mol **<u>trí</u>** bhealach chun an méid uisce a úsáidtear sa teach a laghdú.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(c)** Tabhair **<u>dhá</u>** chúis choitianta le truailliú uisce.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(d)** Tabhair **<u>dhá</u>** thoradh a bhaineann le truailliú uisce.

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________


______________________________

**(e)** Seachas uisce, tabhair **<u>dhá</u>** shampla eile de bhunseirbhísí teaghlaigh.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**6.** ***Is lipéad cúraim é seo a leanas atá ar phéire cuirtíní.***




**(a)** Agus úsáid á baint as an eolas ar an lipéad cúraim thuas agat, freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(i)** Conas a nífeá na cuirtíní seo? ______________________________

______________________________

**(ii)** Conas ba cheart na cuirtíní seo a thriomú? ______________________________

**(iii)** Cad é an socrú teasa a mholtar don iarann?______________________________

**(iv)** An féidir na cuirtíní seo a chur ar tuar?______________________________

**(b)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** fhabraic atá oiriúnach do chuirtíní.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(c)** Mol **<u>trí</u>** chúis a n-úsáidtear cuirtíní sa teach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(d)** Is bogfheistis iad cuirtíní. Tabhair **<u>dhá</u>** shampla eile de bhogfheistis a úsáidtear sa teach.

**(i)** ____________________ **(ii)** ____________________

**(e)** Luaigh buntáiste **<u>amháin</u>** agus míbhuntáiste **<u>amháin</u>** a bhaineann le bogfheistis a dhéanamh.

**Buntáiste** ______________________________

______________________________

**Míbhuntáiste** ______________________________

______________________________